Age Friendly OFFALY

Comhairle Chontae Uíbh Fhailí
Offaly County Council



# STRAITÉIS AOISBHÁ UÍBH FHAILÍ 2024-2029

*Uíbh Fhailí - áit iontach le dul in aois ann*



# Clár Ábhar


Brollach ........ 2

**Réamhrá** ........ 3

- Aoisbhá Éireann - Seirbhís Náisiúnta Chomhroinnte ........ 3
- Clár Aoisbhá ........ 4
- Clár Aoisbhá Uíbh Fhailí ........ 7
- Comhthéacs Uíbh Fhailí ........ 8
- An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte ........ 10

**Téama 1:** Spásanna Faoin Aer, Foirgnimh agus an Timpeallacht Fhisiceacht ........ 11

**Téama 2:** Iompar ........ 13

**Téama 3:** Tithíocht ........ 15

**Téama 4:** Meas agus Cuimsiú Sóisialta ........ 17

**Téama 5:** Rannpháirtíocht sa Saol Sóisialta ........ 19

**Téama 6:** Cumarsáid agus Faisnéis ........ 21

**Téama 7:** Rannpháirtíocht sa Saol Cathartha agus Fostaíocht ........ 23

**Téama 8:** Tacaíochtaí Pobail agus Seirbhísí Sláinte ........ 25

Monatóireacht agus Tuairisciú ........ 27

Buíochas ........ 27

Tagairtí ........ 28

# Brollach

Is é an fhís atá againn d'Uíbh Fhailí ná contae iontach le dul in aois ann a dhéanamh de. Chun é sin a dhéanamh, ní mór dúinn a chinntiú go mbeidh daoine scothaosta in ann saol sláintiúil, iomlán agus gníomhach acu agus go mbeidh meas orthu mar chomhaltaí den phobal a fhad is féidir.

Tá muintir na hÉireann ag dul in aois. De réir na Príomh-Oifige Staidrimh, idir mí Aibreáin 2016 agus mí Aibreáin 2022, tháinig an t-ardú ba mhó ó thaobh an daonra de ar dhaoine os cionn 70 bliana d'aois. Tháinig ardú 25% ar an líon daoine 85 bliana d'aois agus níos sine. Tá Straitéis Aoisbhá Uíbh Fhailí á forbairt i gcomhthéacs mhéadú ar an bhfeasacht idirnáisiúnta faoin ngá le pleanáil a dhéanamh do dhaonra atá ag dul in aois.

Agus méadú ag teacht ar ionchas saoil, ní mór don tsochaí dul in oiriúint dó sin ar bhealach a thabharfaidh deiseanna fisiceacha, eacnamaíocha agus cultúrtha do dhaoine scothaosta lena chinntiú go mbainfidh siad taitneamh as an gcáilíocht saoil is fearr is féidir. Ní mór d'fhorbairt na Straitéis Aoisbhá seo d'Uíbh Fhailí léiriú a thabhairt ar an rannchuidiú dearfach a fhéadfaidh daonra níos sláintiúla agus níos gníomhaí atá ag dul in aois a dhéanamh dár bpobal agus dár sochaí go ginearálta. Tá sé ríthábhachtach go n-oibreoidh na príomhghníomhaireachtaí le chéile chun na cuspóirí a bhaint amach le go n-éireoidh le cur i bhfeidhm na straitéise seo.

Ní mór feabhsúcháin a dhéanamh ar na timpeallachtaí fisiceacha agus sóisialta sa chontae le go bhféadfaidh daoine scothaosta fanacht ina gcomhaltaí sláintiúla agus neamhspleácha den tsochaí. Is mian linn buíochas ar leith a ghabháil le Comhaontas Aoisbhá Uíbh Fhailí as a gcomhoibriú agus a dtacaíocht chun an straitéis roimhe seo a sholáthar agus as a gcúnamh i bhforbairt na straitéise seo.



**An Comhairleoir Eddie Fitzpatrick**
*Cathaoirleach*
*Comhairle Chontae Uíbh Fhailí*



**Anna Marie Delaney**
*Cathaoirleach*
*Comhaontas Aoisbhá Uíbh Fhailí*

# Réamhrá

## AOISBHÁ ÉIREANN - SEIRBHÍS NÁISIÚNTA CHOMHROINNTE

Is seirbhís chomhroinnte de chuid an rialtais áitiúil é Aoisbhá Éireann arna hóstáil ag Comhairle Contae na Mí. Is iad na seirbhísí comhroinnte a bhainistíonn an Clár Aoisbhá náisiúnta, atá cleamhnaithe le Líonra na gCathracha agus na bPobal Aoisbháúla de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte. Creat foireann-bhunaithe de 35 Chlár Aoisbhá áitiúla arna n-óstáil ag rialtas áitiúil a oibríonn an clár náisiúnta.

Tugann an tSeirbhís Náisiúnta Chomhroinnte Aoisbhá tacaíocht do chathracha, contaetha, bailte, sráidbhailte agus pobail tuaithe ar fud na hÉireann chun ullmhú do dhul in aois an daonra, atá ag tarlú go tapa, trí níos mó airde a thabhairt ar na tosca timpeallachta, eacnamaíocha agus sóisialta a mbíonn tionchar acu ar shláinte agus folláine daoine fásta scothaosta.

Oibríonn Cláir Aoisbhá chun sráideanna insiúlta, roghanna tithíochta agus iompair, rochtain ar phríomhsheirbhísí agus deiseanna a sholáthar do dhaoine scothaosta le bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí pobail. Tríd an méid sin a dhéanamh, is fearr a bhíonn na pobail sin in ann tiontú ina n-áiteanna iontacha, agus ina n-áiteanna cónaithe ar feadh an tsaoil do dhaoine de gach aois.


Dearcadh um aosú dearfach atá taobh thiar de Chláir Aoisbhá áitiúla agus féachann siad le cur le saolta daoine scothaosta ar fud na tíre agus iad a fheabhsú trí éisteacht lena dtuairimí sa phróiseas cinnteoireachta a bhíonn tionchar aige ar a gcumas saol gníomhach agus iomlán a bheith acu. Díríonn tionscnaimh ar réimsí mar shampla tithíocht, iompar, cúram, rannpháirtíocht sa phobal, oibriú go deonach, cuimsiú sóisialta agus dul i ngleic le leithlisiú i measc na saoránach scothaosta.

## STRUCHTÚIR AGUS RIALACHAS AOISBHÁ ÉIREANN





## LOCAL AGE FRIENDLY PROGRAMME COMPONENTS




## CLÁR AOISBHÁ

Oibríonn gach Clár Aoisbhá áitiúil faoi struchtúr comhchoiteann lena n-áirítear Comhairle ghníomhach do Dhaoine Scothaosta, Comhaontas Aoisbhá, Bainisteoir an Chláir Aoisbhá, Comhairleoir Teicniúil um Thithíocht Aoisbháúil, agus Grúpa Aoisbhá Idir-Rannach laistigh den údarás áitiúil.

### Comhairle na nDaoine Scothaosta (CDS)

Is grúpa ionadaíoch de dhaoine scothaosta í Comhairle na nDaoine Scothaosta, a bhunaíonn an t-údarás áitiúil mar chuid den Chlár Aoisbhá áitiúil. Is struchtúr dhá leibhéal í Comhairle na nDaoine Scothaosta ina bhfuil Coiste Feidhmiúcháin tofa agus bonn leathan comhaltaí. Déanann Comhairlí Daoine Scothaosta tosaíochtaí nó réimsí riachtanas a shainaithint; tarraingíonn siad aird ar réimsí ábhartha ábhar imní agus pléann iad; imríonn siad tionchar ar phróiseas cinnteoireachta na gClár Aoisbhá áitiúil, agus bíonn siad rannpháirteach i struchtúir ar an leibhéal náisiúnta. Is é príomhchuspóir na gComhairlí Daoine Scothaosta ná ardán a thabhairt d'fhíor-ghuth na ndaoine scothaosta a dhéanann ionadaíocht ar an éagsúlacht atá ann i measc an daonra atá ag dul in aois. Is príomh-chomhoibreoirí agus páirtithe leasmhara iad ionadaithe Chomhairlí na nDaoine Scothaosta a leagann amach gníomhartha agus cuspóirí na Straitéise Aoisbhá le chéile..



*Thuas: Cruinniú comhairleach faoin Straitéis Aoisbhá*

### Comhaontas Aoisbhá Uíbh Fhailí

Is grúpa trasearnála ardleibhéil é Comhaontas Aoisbhá Uíbh Fhailí faoi chathaoirleacht Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí. Déanann na gníomhaireachtaí ar comhaltaí den Chomhaontas Aoisbhá áitiúil iad comhpháirtíocht straitéiseach chun an Straitéis Aoisbhá a fhorbairt agus chun maoirseacht a dhéanamh uirthi.

Leis an gComhaontas Aoisbhá, tugtar le chéile daoine scothaosta, an pobal/oibrithe deonacha, agus soláthróirí seirbhísí san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach atá ag iarraidh athrú a chur ar an gcaoi a smaoinítear ar aosú agus ar an gcaoi a ndéantar seirbhísí dár ndaoine scothaosta a phleanáil agus a sholáthar. Rinne an Comhaontas

formhaoirseacht ar chur i bhfeidhm ár Straitéis Aoisbhá 2018-2021, plean ceithre bliana inar leagadh amach gníomhartha a sholáthair fís do chontae inar tugadh tacaíocht dár ndaoine scothaosta, inar cruthaíodh naisc dóibh agus inar léiríodh meas ar ar chuir siad le saol an phobail agus an teaghlaigh.

Tá raon ollmhór gníomhartha luachmhara curtha chun cinn ag comhaltaí Chomhaontas Uíbh Fhailí le blianta beaga anuas, ina measc soláthar seirbhísí a dhíríonn ar dhaoine scothaosta leithlisithe i limistéir thuaithe Uíbh Fhailí; seirbhísí iompair ó dhoras go doras i limistéir thuaithe; soláthar leapacha faoisimh agus athshlánúcháin; seirbhísí béilí ar rothaí; ceardlanna Bealtaine agus ceardaíochta do dhaoine scothaosta; ranganna scileanna digiteacha do Ghrúpaí Gníomhaíochta Lucht Scoir; iniúchtaí ar insiúltacht, etc.

Bunaíodh Comhaontas Aoisbhá Uíbh Fhailí in 2017 le príomhdhaoine as gníomhaireachtaí agus seirbhísí tacaíochta ar fud an chontae. Tagann Comhaontas Aoisbhá Uíbh Fhailí le chéile ar bhonn démhíosúil agus seo a leanas na comhaltaí:

## COMHALTAÍ CHOMHAONTAS AOISBHÁ UÍBH FHAILÍ

| | | | |
|---|---|---|---|
| Comhairle Chontae Uíbh Fhailí | Oifig Fiontair Áitiúil Uíbh Fhailí | Bord Oideachais & Oiliúna Laoise/Uíbh Fhailí | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| Comhairle na Daoine Scothaosta, Uíbh Fhailí | an tOspidéal Réigiúnach Lár Tíre, Tulach Mhór | Nasc Áitiúil Laoise/Uíbh Fhailí | An Garda Síochána |
| Cuideachta Forbartha Áitiúil Uíbh Fhailí | Seirbhís Leabharlainne Uíbh Fhailí | Comhpháirtíocht Spóirt Uíbh Fhailí | Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne |



Comhairle Chontae Uíbh Fhailí
Offaly County Council

loetb

TUS

Local Enterprise Office

TFI local link Laois Offaly

Offaly Local Development Company

OFFALY SPORTS PARTNERSHIP
SPORT IRELAND

> *“Má dhearann tú do dhaoine óga eisíonn tú daoine scothaosta, ach má dhearann tú do dhaoine scothaosta cuimsíonn tú gach duine”*

Glenn Millar, Stiúrthóir Oideachais agus Taighde, Institiúid Forbartha Uirbí Cheanada

**Bainisteoir Chlár Aoisbhá Uíbh Fhailí**

Bíonn Clár Aoisbhá Uíbh Fhailí á chomhordú ag an Bainisteoir Clár, a bhfuil ról bunúsach acu i gcur i bhfeidhm an Chláir Aoisbhá ar fud an chontae. Oibríonn an bainisteoir leis an gComhaontas áitiúil chun an Straitéis Aoisbhá agus na Pleananna Gníomhaíochta bliantúla a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Cuireann an Bainisteoir Clár tionscnaimh a thugann freagra ar na tosaíochtaí a chuirtear in iúl ar an leibhéal áitiúil agus tacaíonn siad le dea-chleachtais a mhéadú agus a mhacasamhlú sna limistéir ar fad atá rannpháirteach sa Chlár Aoisbhá. Tacaíonn siad leis an gComhairle Daoine Scothaosta áitiúil agus is iad an phríomhtheagmháil don Chomhairle sin. Tugtar treoir theicniúil do Bhainisteoirí Clár ón oifig clár seirbhíse comhroinnte i gContae na Mí.

Cuireann an Bainisteoir an Chláir Aoisbhá na seirbhísí agus na tacaíochtaí seo a leanas ar fáil don Chomhaontas Aoisbhá, d’Fheidhmeannas Chomhairle na nDaoine Scothaosta agus do Comhairle níos leithne na nDaoine Scothaosta:

- An ról feidhmeannach a chur ar fáil (cruinnithe, fógraí, miontuairiscí, tuarascálacha, etc)
- Comhordú agus idirchaidreamh le príomhghníomhaireachtaí agus le príomhpháirtithe leasmhara
- Éascú agus Cumarsáid

**Comhairleoir Teicniúil um Thithíocht Aoisbháúil**

Tá príomh-bhall foirne sannta ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí mar Chomhairleoir Teicniúil um Thithíocht Aoisbháúil an údaráis áitiúil. Tagann an tionscnamh sin faoin mbeartas náisiúnta ‘Roghanna Tithíochta dár nDaonra Aosaithe’. Cuireann an Comhairleoir sainchomhairle ar an údarás féin, ar eagraíochtaí san earnáil phríobháideach ar spéis leo tithíocht aoisbháúil a sholáthar, agus don phobal i gcoitinne.

Is é an ról atá ag an gComhairleoir Teicniúil um Thithíocht Aoisbháúil:

- Gníomhú mar phríomhphointe teagmhála do nithe a bhaineann le ceisteanna teicniúla faoin tithíocht aoisbháúil, go sonrach ceisteanna faoi dhearadh don saol agus prionsabail maidir le dearadh uilíoch
- Freagra a thabhairt ar atreoruithe agus ceisteanna ó raon earnálacha, ina measc baill foirne inmheánacha (go háirithe i bPleanáil & Tithíocht), ó pháirtithe leasmhara agus gníomhaireachtaí seachtracha, ó fhorbróirí san earnáil phríobháideach, ó Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta agus ó dhaoine aonair, agus dul chun cinn a dhéanamh orthu
- Faisnéis faoi phríomhtheagmhálacha ina n-údarás áitiúil a sholáthar do chliaint, ar daoine iad atá in ann saincheisteanna agus réitigh maidir le tithíocht aoisbháúil agus oibreacha sa ríocht phoiblí a phlé

### Grúpa Aoisbhá Idir-Rannach

Bhunaigh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí Grúpa Aoisbhá Idir-Rannach i mí Mheán Fómhair 2021. Tagann an Grúpa Idir-Rannach le chéile ar bhonn démhíosúil agus tá comhaltaí ann ó na rannóga Pobail, Tithíochta, Pleanála, Bóithre, Leabharlanna agus Comhshaoil de Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí. Is é príomhaidhm na foirne ná oibre le chéile chun deiseanna comhoibrithe a shainaithint, le tacaíocht ón Bhainisteoir an Chláir Aoisbhá agus ón gComhairleoir Teicniúil Aoisbhá.

Tugann an Grúpa Idir-Rannach straitéiseach seo tacaíocht do phríomhréimsí oibre chun gníomhartha ilghnéitheacha a sholáthar, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta don mhéid a leanas:

- Cur i bhfeidhm áitiúil na ngníomhartha sa Chomhbheartas Rannach um Thithíocht do Dhaonra atá ag Dul in Aois
- Tacaíochtaí sláinte do dhaoine scothaosta a chomhtháthú i dtithíocht agus sa ríocht phoiblí
- Roghanna tithíochta um choigeartú méide a chur chun cinn i measc daoine scothaosta
- Tionscnaimh Aoisbhá a sholáthar trí phróisis pleanála áitiúla straitéiseacha, lena n-áirítear an Plean Forbartha Contae agus an Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail
- Úsáid a bhaint as maoiniú reachtúil chun tionscadail chaipitil a sholáthar, ar tionscadail iad atá ag teacht le prionsabail Aoisbhá amhail dearadh uilíoch i dtithíocht agus forbairtí sa ríocht phoiblí
- Tionscnaimh um an athrú aeráide a chur chun cinn, lena n-áirítear iarfheistiú, taisteal gníomhach, agus faisnéis agus comhairle faoi éifeachtúlacht fuinnimh a sholáthar

## CLÁR AOISBHÁ UÍBH FHAILÍ

I gClár Aoisbhá Contae rathúil, oibrítear chun na cineálacha pobal a chruthú ina mbíonn saol féinrialaitheach agus neamhspleách ag daoine scothaosta agus ina mbíonn meas orthu. Tá sláinte agus folláine dhearfach agus sinn ag dul in aois mar chuid bhunúsach dár bhfís le haghaidh Uíbh Fhailí. Díreoidh roinnt mhaith de Chlár Aoisbhá Chontae Uíbh Fhailí ar ghníomhartha agus forbairtí i réimsí eile; chun pobail insiúlta, tharraingteacha agus inrochtana a chruthú, chomh maith le spásanna aoisbháúla, agus trí ghníomhartha a thabhairt isteach chun aghaidh a thabhairt ar rannpháirtíocht agus neamhionannas. Tacófar le daoine de gach aois ar fud Uíbh Fhailí chun saol níos sláintiúla, níos gníomhaí agus níos nasctha a bheith acu.

### An Clár um Thithe Sláintiúla agus Aoisbháúla

Is é atá mar aidhm leis an gClár um Thithe Sláintiúla agus Aoisbháúla ná tacú le daoine scothaosta maireachtáil ina n-áit chónaithe féin le dínit agus neamhspleáchas a fhad is féidir. Is é uaillmhian an chláir ná a chur ar a chumas do gach duine saol níos faide agus níos sláintiúla a chaitheamh trí chúram a choinneáil gar don bhaile agus tríd an raon seirbhísí sláinte agus cúraim sa phobal a mhéadú. Tá mar aidhm leis roghanna malartacha a chur ar fáil do dhaoine scothaosta a d'fhéadfadh aistriú chuig cúram cónaithe fadtéarmach ró-luath murach iad.

Chun é sin a dhéanamh, ceapadh Comhordaitheoir um Thithe Sláintiúla agus Aoisbháúla in Uíbh Fhailí. Déanfaidh an Comhordaitheoir cásbhainistiú ar phacáiste tacaíochta do gach duine a tharchuirtear chuige, lena nascfar na tacaíochtaí ó na gníomhaireachtaí éagsúla poiblí, deonacha, príobháideacha agus pobail sa limistéar. Tugann an Comhordaitheoir faisnéis faoi: Tithíocht, Sláinte, Aeráid/Fuinneamh, Teicneolaíocht, Pobal agus Airgeadas agus Oideachas agus Oiliúint.

Deanfaidh an Comhordaitheoir measúnú ar an áit chónaithe agus, i gcomhpháirtíocht leis an duine scothaosta, sainaithneoidh agus dearfaidh raon tacaíochtaí chun a chur ar a chumas don duine scothaosta leanúint ar aghaidh ag maireachtáil go neamhspleách. Is iad na 4 Phríomhchuspóir den Chlár:

- A chur ar a gcumas do dhaoine scothaosta leanúint ar aghaidh ag maireachtáil ina n-áit chónaithe féin nó in áit chónaithe a oireann níos fearr dá gcuid riachtanas
- Go mothóidh daoine scothaosta neamhspleách agus féinriailaitheach
- Go mbeidh daoine scothaosta mar chuid den phobal agus go mothóidh siad amhlaidh
- Tacú le haistriú chuig cúram cónaithe fadtéarmach luath nó ró-luath a sheachaint

Más mian leat cuairt ó do Chomhordaitheoir áitiúil a eagrú, déan teagmháil le:
Oifig Náisiúnta **046 924 8899**
**healthyagefriendlyhomes@meathcoco.ie**

| Aois | 2011 | 2016 | 2022 | Ardú i bhfigiúirí 2016-2022 | % Ardú 2016-2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| 55-60 | 4,081 | 4,571 | 5,138 | 567 | 12.40 |
| 61-69 | 6,537 | 7,524 | 8,680 | 1,156 | 15.36 |
| 70-79 | 3,892 | 4,551 | 5,984 | 1,433 | 31.49 |
| 80+ | 2,147 | 2,503 | 2,961 | 458 | 18.30 |
| **Total** | **16,657** | **19,149** | **22,763** | **3,614** | **18.87** |

*Ardú ar dhaonra Uíbh Fhailí de réir aoisghrúpaí 2011-2022. Foinse: an Phríomh-Oifig Staidrimh*

## COMHTHÉACS UÍBH FHAILÍ

Tá Contae Uíbh Fhailí lonnaithe i gCúige Laighean i lár na hÉireann agus tá sé ar cheann de dhá údarás áitiúla dhéag a chomhdhéanann Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre. Is iad Tulach Mhór (baile an chontae), Éadán Doire, Biorra agus Clóirtheach na príomhbhailte. Tá teorainn idir Uíbh Fhailí agus seacht gcontae eile agus tá tuairim agus 200,000 heicteár ann. Téann an Chanáil Mhór tríd an gContae. Tá an tSionainn ar an taobh thiar den chontae agus Sliabh Bladhma ar an taobh ó dheas. Tá ról lárnach acu sin i bhforbairt eacnamaíoch agus turasóireachta an chontae.

Léiríonn na figiúirí don daonra i nDaonáireamh 2022 go bhfuil fás suntasach tagtha ar an daonra in Éirinn, ó 4,761,865 go dtí 5,123,536 idir 2016 agus 2022. Is ardú 7.59% ar an daonra é sin. Sháraigh daonra na hÉireann cúig mhilliún den chéad uair i 170 bliain.

Tá cóimheas spleáchais seanaoise réamh-mheasta d'Uíbh Fhailí ná beagán níos airde an meán náisiúnta. Déantar tagairt leis an ráta cóimheasa spleáchais seanaoise don líon daoine scothaosta (65+ bliana d'aois) i gcomparáid leis an líon daoine atá ag obair (gníomhach go heacnamaíoch) (15 go 64 bliana d'aois).

### Tuartha na Príomh-Oifige Staidrimh faoin Daonra

Tá daonra foriomlán 83,150 i gContae Uíbh Fhailí (Daonáireamh 2022). Cónaíonn tuairim agus 60% den daonra i limistéir thuaithe, agus tá 21.2% de dhaonra Uíbh Fhailí os cionn 60 bliain d'aois. De réir taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta, tiocfaidh aosú suntasach agus leanúnach ar an daonra i dtíortha forbartha. Cruthóidh sé sin saincheisteanna maidir le pleanáil agus soláthar seirbhísí a bheidh oiriúnach ó thaobh aoise de, go háirithe do dhaoine scothaosta. Tugtar le tuiscint le cóimheas spleáchais seanaoise atá ag fás go mbeidh cion níos airde cleithiúnaithe ag brath ar na daoine atá gníomhach go heacnamaíoch sa tsochaí. Tá na gníomhartha sa straitéis seo ceaptha aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin

| Stádas Pósta na ndaoine os cionn 65 bliana d'aois in Uíbh Fhailí (Daonáireamh 2022) | Líon daoine |
|---|---|
| Pósta | 7,407 |
| Baintreach | 2,941 |
| Singil | 1,426 |
| Colscartha | 425 |
| Scartha | 479 |
| Athphósta | 278 |
| Lánúin Chomhghnéis Chláraithe | 2 |
| Iomlán | 12,958 |


*Above: Consultation meeting for the Age Friendly Strategy*



**Ageing Population**

Projected population aged 65 years and over in Ireland

| 2031 | 2051 |
|---|---|
| **1,007,000** | **1,597,000** |




*Daonra Chontae Uíbh Fhailí (1981 - 2022)*

| Aois | Fireann | Baineann | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Age 0-4 | 2,511 | 2,322 | 4,833 |
| Age 5-9 | 2,994 | 2,848 | 5,842 |
| Age 10-14 | 3,364 | 3,128 | 6,492 |
| Age 15-19 | 3,075 | 2,744 | 5,819 |
| Age 20-24 | 2,362 | 2,207 | 4,569 |
| Age 25-29 | 2,065 | 2,072 | 4,137 |
| Age 30-34 | 2,284 | 2,473 | 4,757 |
| Age 35-39 | 2,775 | 2,986 | 5,761 |
| Age 40-44 | 3,133 | 3,391 | 6,524 |
| Age 45-49 | 3,090 | 2,982 | 6,072 |
| Age 50-54 | 2,811 | 2,770 | 5,581 |
| Age 55-59 | 2,594 | 2,544 | 5,138 |
| Age 60-64 | 2,328 | 2,339 | 4,667 |
| Age 65-69 | 2,035 | 1,978 | 4,013 |
| Age 70-74 | 1,703 | 1,736 | 3,439 |
| Age 75-79 | 1,230 | 1,315 | 2,545 |
| Age 80-84 | 702 | 850 | 1,552 |
| Age 85 and over | 572 | 837 | 1,409 |
| **Total** | **41,628** | **41,522** | **83,150** |

*Daonáireamh 2022: Daonra Uíbh Fhailí 2022 de réir cohórt aoise*



## AN EAGRAÍOCHT DHOMHANDA SLÁINTE (WHO)

Tá creat iomchuí an i dTreoracha na gCathracha agus na bPobal Aoisbháúla de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte (WHO) a chabhraíonn le pobail a bheith níos tacúla do dhaoine scothaosta trí aghaidh a thabhairt ar a gcuid riachtanas faoi ocht dTéama:




1. Spásanna Faoin Aer & Foirgnimh
2. Iompar
3. Tithíocht
4. Meas & Cuimsiú Sóisialta
5. Rannpháirtíocht sa Saol Sóisialta
6. Cumarsáid & Faisnéis
7. Tacaíocht Phobail & Seirbhísí Sláinte
8. Rannpháirtíocht sa Saol Cathartha & Fostaíocht

Tá baint ag na téamaí sin lena chéile agus idirghníomhaíonn siad lena chéile. Mar shampla, léirítear meas in inrochtaineacht fhoirgnimh agus spásanna poiblí agus sa raon deiseanna a chuireann na cathracha/bailte ar fáil do dhaoine scothaosta le bheith rannpháirteach sa saol sóisialta, i siamsaíocht, nó bheith ag oibriú go deonach nó ag dul i mbun fostaíochta.

Mar shampla, fágann an easpa iompair phoiblí inacmhainne go mbíonn daoine scothaosta nach dtiomáineann níos mó leithlisithe sa bhaile agus go mbíonn rannpháirtíocht i saol an phobail deacair dóibh, rud a mhéadaíonn an riosca leithlisithe agus uaignis. Nuair atá iompar ar fáil agus curtha in oiriúint do riachtanais daoine scothaosta, ó thaobh sceidealaithe agus cinn scríbe de, cuireann sé le soghluaisteacht agus éascaíonn sé rannpháirtíocht sa saol sóisialta agus braistint chomhuintearais ina bpobal féin do dhaoine.

Tá sé chomh tábhachtach céanna go mbeidh cúis mhaith ag daoine scothaosta dul amach agus bheith rannpháirteach sa saol i gcónaí. Cuidíonn gníomhaíochtaí cultúir agus taitneamhachta a fhreastalaíonn ar ábhair spéise daoine scothaosta, deiseanna oibriú go deonach nó bheith rannpháirteach sa saol cathartha le seanaois shásúil agus thaitneamhach.



**TÉAMA 1**

# Spásanna Faoin Aer & Foirgnimh

**SPRIOC:**

**Spásanna faoin aer agus foirgnimh ar fud Uíbh Fhailí a dhéanamh pléisiúrtha, inrochtana agus sábháilte do dhaoine scothaosta, pobail insiúlta agus spásanna aoisbháúla a chruthú.**

Is comhpháirteanna ríthábhachtacha iad na nithe a leanas chun ár bpobail a choinneáil inrochtana dár ndaoine scothaosta; iompar poiblí inrochtana, cosáin chomhréidhe; áiteanna le suí; guaiseanna tuislithe a bhaint; soilsiú sráide maith agus leithris phoiblí. An aidhm ná daoine scothaosta a spreagadh le dul amach sa phobal agus mothú sábháilte ag an am céanna.

**Rinneadh comhairliúchán le cónaitheoirí scoth-aosta Uíbh Fhailí agus d'inis siad go bhfuil gá le:**

- Breis áiteanna le suí, taobh istigh agus taobh amuigh, i ngach áit sa phobal
- Feabhsúchán/uasghrádú ag stadanna bus atá ann cheana féin, chun suíocháin agus áit feithimh agus scáthlán
- Páirceáil aoisbháúil sna príomhbhailte agus sna sráidbhailte ar fad
- Cosáin glan ó bhacainní
- Rampaí ag an mbealach isteach chuig foirgnimh
- Níos mó ama do choisithe le dul trasna an bhóthair ag soilse tráchta



### Gníomhartha

| *Uimh.* | *Gníomh* | *Táscairí Ratha* | *Príomh-Ghníomhaireacht* |
|---|---|---|---|
| 1.1 | Tionscnaimh um Bhailte Aoisbháúla a chur i bhfeidhm | Baile Aoisbháúil curtha ar bun sa chontae | Comhairle Chontae Uíbh Fhailí |
| 1.2 | Suirbhé ar Pháirceáil Aoisbháúil sa chontae a dhéanamh | Clár Píolótach um Páirceáil Aoisbháúil déanta agus páirceáil aoisbháúil bhreise sainaitheanta agus curtha ar fáil i mbailte eile sa chontae | Comhairle Chontae Uíbh Fhailí |
| 1.3 | A chinntiú go bhfuil ionadaithe tofa áitiúla agus cinnteoirí sinsearacha in eagraíochtaí a sholáthraíonn seirbhísí ar an eolas faoi chaighdeáin Aoisbháúla | Feachtais feasachta agus oiliúint curtha ar fáil d'eagraíochtaí chun cuidiú le breithniú ar Chleachtais Aoisbháúla | Comhairle Chontae Uíbh Fhailí |
| 1.4 | A chinntiú go bhfuil dearadh uilíoch ábhartha agus coincheapa agus prionsabail Aoisbháúla sa Phlean Forbartha Contae, sa Phlean Gníomhaíochta um Thithíocht, i bPleananna Ceantair Áitiúil, i bpríomhphleananna eile na n-údarás áitiúil agus i dtreoirlínte pleanála. | Déantar Pleananna & Straitéisí Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí a fhorbairt/a athbhreithniú agus cuirtear coincheapa agus prionsabail Aoisbháúla iontu. | Comhairle Chontae Uíbh Fhailí |
| 1.5 | Fáil ar na spásanna glasa agus áineasa atá ann cheana féin ar fud an chontae a chur chun cinn. | Níos mó úsáide a bhaint as na spásanna glasa agus áineasa atá ann cheana féin. | Gach ceann |
| 1.6 | Fáil amach cé acu an bhfuil éileamh ann i bpobail ar threalamh aclaíochta aoisbháúil agus criosanna tónála i Spásanna Faoin Aer. | An t-éileamh ar bhreis áiteanna oiriúnacha do threalamh aclaíochta aoisbháúil do dhaoine fásta agus criosanna tónála aoisbháúla sainaitheanta. | Cuideachta Forbartha Áitiúil Uíbh Fhailí |
| 1.7 | Teagasc a thabhairt do ghrúpaí daoine scoth-aosta faoin gcaoi le trealamh aclaíochta faoin aer do dhaoine fásta atá suiteáilte sa chontae a úsáid go sábháilte agus sult a bhaint as. | Ranganna/taispeántais tugtha do dhaoine scothaosta faoin gcaoi le húsáid a bhaint as an trealamh aclaíochta do dhaoine fásta atá ann. | Comhpháirtíocht Spóirt Uíbh Fhailí |
| 1.8 | Dul chun cinn a dhéanamh ar Chlár Gnó Aoisbháúil chun tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do mhiondíoltóirí, lucht bialainne, lucht óstán, úinéirí gnó agus soláthróirí seirbhísí ábhartha eile chun athruithe praiticiúla a thabhairt isteach ina ngnó, ina measc rochtain ar leithris, chun freastal níos fearr ar riachtanais an daonra atá ag dul in aois. | Gnólachtaí Aoisbháúla curtha ar bun nó gnólachtaí i mbun an phróisis le bheith deimhnithe mar Ghnó Aoisbháúil. | Oifig Fiontair Áitiúil Uíbh Fhailí |
| 1.9 | A chinntiú go mbeidh na foirgnimh phoiblí nua inrochtana do chách. | Measúnú déanta ar iarratais phleanála ar fhoirgnimh phoiblí nua ag lorg dearadh uilíoch aoisbháúil. | Rannóg Pleanála Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí |

### Torthaí

- Tá rochtain insiúlta ag daoine de gach aois sa phobal ar sheirbhísí poiblí agus ar sheirbhísí riachtanacha eile, ar áineas agus ar thaitneamhachtaí, agus tá sé níos éasca úsáid a bhaint astu
- Mothaíonn daoine scothaosta sábháilte agus iad ag dul amach, agus dá bharr sin bíonn níos mó muiníne acu fanacht gníomhach agus a bheith rannpháirteach sa phobal níos leithne
- Níos mó feasachta faoi riachtanais inrochtaineachta daoine scothaosta in Uíbh Fhailí
- A chinntiú go seasfaidh oibreacha forbraíochta an aimsir chun a chinntiú nach rachaidh ár mbonneagar agus seirbhísí as dáta go luath amach anseo agus nach mbeidh gá le hiarfheistiú costasach agus neamhriachtanach a dhéanamh orthu chun riachtanais an daonra atá ag dul in aois a chur san áireamh
- Rochtain níos fearr ar phríomhfhoirgnimh ina bhfuil seirbhísí sláinte, mar shampla clinicí dochtúirí teaghlaigh agus clinicí bunchúraim, agus foirgnimh ina gcuirtear seirbhísí riachtanacha ar fáil, mar shampla oifigí poist, siopaí agus leabharlanna
- Cur ar a gcumas do dhaoine scothaosta a bheith neamhspleách níos faide

**TÉAMA 2**

# Iompar


## SPRIOC:

**Seirbhísí iompair agus bonneagar do dhaoine scothaosta atá sábhailte, inrochtana, iontaofa agus compordach a chur chun cinn.**

Tá rochtain ar iompar iontaofa agus iomchuí riachtanach dár ndaoine scothaosta le go bhfanfaidh siad lánpháirtithe sa phobal. Is lú seans go mbeidh daoine nach bhfuil rochtain acu ar iompar iomchuí rannpháirteach sa phobal agus dá bhrí sin déantar faillí ar a riachtanais shóisialta agus áineasa. An aidhm atá ann ná iompar iomchuí do dhaoine scothaosta a sholáthar, nó tacú lena soláthar, lena chinntiú go bhfreastalófar ar a gcuid riachtanas sóisialta agus áineasa agus go leanfaidh siad de bheith ina gcomhaltaí luachmhara den tsochaí.

**Rinneadh comhairliúchán le cónaitheoirí scoth-aosta Uíbh Fhailí agus d'inis siad go bhfuil gá le:**

- Níos mó stadanna bus inrochtana, le comharthaí nó faisnéis amchláir níos soiléire
- Bíonn luas tiomána úsáideoirí bóthair eile ina dhíspreagadh do dhaoine scothaosta dul amach ina gcarr féin
- Ní thugann úsáideoirí bóthair eile aird agus meas ar dhaoine scothaosta i gcónaí
- Mothaíonn go leor daoine gur tháinig feabhas ar an rochtain ar iompar leis an síneadh leanúnach ar an tseirbhís Nasc Áitiúil Laoise-Uíbh Fhailí. Chuirfí fáilte roimh níos mó cumarsáide i ndáil le bealaí.
- Bíonn fadhbanna ann uaireanta le hidirnascacht príomhsheirbhísí iompair. Cruthaíonn sé sin dúshlán faoi leith do na daoine scothaosta sin atá ag iarraidh freastal ar choinní ospidéil tábhachtacha
- Is dúshlán do roinnt daoine scothaosta é iompar chuig saoráidí liachta
- Bíonn sé deacair uaireanta páirceáil gar do sheirbhísí poiblí agus do sheirbhísí riachtanacha eile, le gur féidir siúl chucu go héasca, agus is díspreagadh é sin do dhaoine scothaosta maidir leis na seirbhísí sin a úsáid




*Number of persons with current full driving licences by age group and year*

### Gníomhartha

| Uimh. | Gníomh | Táscairí Ratha | Príomh-Ghníomhaireacht |
|---|---|---|---|
| 2.1 | Suíomhanna oiriúnacha do scáthláin bhus aoisbháúla a shainaithint | Líon áirithe scáthlán bus aoisbháúil suiteáilte agus i bhfeidhm | Comhairle Chontae Uíbh Fhailí, NTA, TII |
| 2.2 | Áiteanna oiriúnacha i mbailte agus sráidbhailte a shainaithint chun bánna páirceála aoisbháúla a thabhairt isteach | Páirceáil Aoisbháúil a thabhairt isteach sa chontae | Comhairle Daoine Scothaosta Uíbh Fhailí/ Comhairle Chontae Uíbh Fhailí |
| 2.3 | Daoine scothaosta le bheith páirteach, trí chláir insiúlta agus comhairliúchán, i bpleanáil suíomhanna na n-áiteanna páirceála, stadanna bus, scáthláin bhus agus áiteanna suí aoisbháúla | Iniúchtaí insiúltachta déanta i mbailte/sráidbhailte roghnaithe agus daoine scothaosta páirteach iontu | Nasc Áitiúil Laoise-Uíbh Fhailí,<br>Cuideachta Forbartha Áitiúil Uíbh Fhailí, Comhairle Chontae Uíbh Fhailí |
| 2.4 | Suirbhé a dhéanamh ar stáisiúin bhus agus traenach, críochfoirt iompair agus stadanna tacsaithe chun na tacaíochtaí is gá chun dearadh aoisbháúil a ionchorprú iontu a chinneadh | Moltaí déanta maidir le feabhsúcháin ar chríochfoirt iompair, tús curtha le hoibreacha tar éis na moltaí | Comhairle Chontae Uíbh Fhailí,<br>TII |
| 2.5 | Oibriú le hIarnród Éireann chun stáisiún traenach aoisbháúil a fhorbairt i dTulach Mhór | Aitheantas le tabhairt do phróiseas ceithre-chéim na hEagraíochta Domhanda Sláinte nuair atá an stáisiún traenach aoisbháúil críochnaithe | Iarnród Éireann,<br>Comhairle Chontae Uíbh Fhailí |

### Torthaí

- Spásanna sóisialta agus scáthláin atá níos sábháilte agus compordach, a fhéadfaidh daoine de gach aois a úsáid agus iad ag fanacht ar iompar
- Tá rochtain insiúlta ag daoine scothaosta ar phríomhsheirbhísí poiblí agus ar sheirbhísí eile agus tá sé níos éasca dóibh iad a úsáid
- Mothaíonn daoine scothaosta sábháilte agus iad taobh amuigh agus iad muiníneach faoi fanacht gníomhach agus a bheith rannpháirteach sa phobal níos leithne
- Tá daoine de gach aois go hiomlán ar an eolas faoi roghanna iompair, bealaí, inrochtaineacht, praghsanna agus sceidil sa cheantar
- Tá rochtain níos éasca ar iompar speisialaithe ag na daoine a dteastaíonn sé uathu
- Tugann úsáideoirí bóithre aird agus meas ar dhaoine scothaosta



**TÉAMA 3**

# Tithíocht

**SPRIOC:**

**Tacaíocht a thabhairt do dhaoine scothaosta chun maireachtáil go neamhspleách ina n-áit cónaithe/pobal féin a fhad is féidir agus rogha tithíochta iomchuí a chur ar fáil dóibh go leanúnach**

De réir mar a théann daoine in aois caitheann siad níos mó ama ina n-áit chónaithe féin. Dá bharr sin, bíonn gá níos mó le háiteanna cónaithe leordhóthanacha chun freastal ar a gcuid riachtanas.

Is éard atá i nDearadh Uilíoch ná timpeallacht a dhearadh agus a chur le chéile ionas go bhféadfaidh gach duine, beag beann ar a aois, méid, cumas nó míchumas, rochtain a fháil uirthi, í a thuiscint agus í a úsáid. Ba cheart timpeallacht (nó foirgneamh, táirge nó seirbhís ar bith sa timpeallacht sin) a dhearadh chun freastal ar riachtanais na ndaoine ar fad ar mian leo í a úsáid. Ní riachtanas speisialta é sin a bheidh chun leasa cuid bheag den daonra. Is coinníoll bunúsach é den dea-dhearadh.

Má tá timpeallacht inrochtana, inúsáidte, áisiúil agus pléisiúrtha le húsáid, tá sí chun leasa gach duine. Trí riachtanais agus cumais éagsúla gach duine a chur san áireamh le linn an phróisis deartha, cruthaíonn Dearadh Uilíoch táirgí, seirbhísí agus timpeallachtaí a fhreastalaíonn ar riachtanais na ndaoine. Go simplí, is dea-dhearadh é Dearadh Uilíoch.

Cuirfidh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí céatadán níos airde de theaghaisí a úsáideann Dearadh Uilíoch ar fáil sa stoc tithíocht nua ar fad agus cinnteoidh sí meascán de mhéideanna tionachta i ngach scéim, nuair is indéanta, chun deis a thabhairt an stoc tithíochta a oiriúnú amach anseo chun freastal ar riachtanais tionóntaí de réir mar a fhásann agus a athraíonn teaghlaigh agus daoine ag dul in aois. Éascófar “Coigeartú Méide” i scéimeanna tithíochta nuair is féidir, trí raon leathan cineálacha tithe a chur san áireamh chun freastal ar aonaid teaghlaigh bogadh tí laistigh d’eastáit tithíochta.

Déanfaidh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí gach iarracht samhlacha um chleachtadh deartha a chur san áireamh, mar atá curtha chun cinn ag Aoisbhá Éireann agus ag Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann chun na spriocanna íosta molta don inrochtaineacht a bhaint amach.

Samhlaítear go ndéanfar níos mó tionscadal de réir mar a fhaightear níos mó talún, agus mar sin go méadófar an líon aonad a bheidh ar fáil faoin gcatagóir seo.

Tá an Comhairleoir Teicniúil Aoisbhá fostaithe sa Rannóg Tithíochta i gComhairle Chontae Uíbh Fhailí, an áit is fearr le bheith chun comhairle a thabhairt do scéimeanna poiblí agus príobháideacha chun an líon aonad aoisbháúil a tógadh le dearadh uilíoch a mhéadú. Tá an Grúpa Stiúrtha um Thithíocht agus Míchumas ann freisin chun tacaíocht agus aiseolas a thabhairt.

**Rinneadh comhairliúchán le cónaitheoirí scothaosta Uíbh Fhailí agus d’inis siad go bhfuil gá le:**

- Rochtain níos fearr ar fhaisnéis faoi Dheontais Oiriúnaithe Tithíochta
- “Tithe inoiriúnaithe ar feadh an tsaoil”
- Rochtain níos fearr ar fhaisnéis faoi Chórais Théimh/Uasghráduithe ar Chórais
- Rochtain níos fearr ar fhaisnéis faoi Chórais Slándála Tithe, conas iad a úsáid, costais, etc.
- Fáil níos fearr ar thacaíochtaí bunúsacha sóisialta agus baile agus cúnamh le jabanna simplí tí chun maireachtáil neamhspleách a chumasú



**Gníomhartha**

| Uimh. | Gníomh | Táscairí Ratha | Príomh-Ghníomhaireacht |
|---|---|---|---|
| 3.1 | Buiséid Oiriúnaithe Tithíochta na nÚdarás Áitiúil a uasmhéadú agus soláthar tithe do dhaoine scothaosta a chuíchóiriú | Méadú ar an líon oiriúnuithe tugtha chun críche | CCUF |
| 3.2 | A chinntiú go gcuimseofar dearadh aoisbháúil i dtreoirlínte pleanála agus suíomh iomchuí na cóiríochta do dhaoine scothaosta a éascú ionas go mbeidh rochtain insiúlta ag daoine scothaosta ar sheirbhísí poiblí agus ar sheirbhísí riachtanacha eile | Gníomhartha déanta chun dearadh tithíochta aoisbháúla agus inoiriúnaithe ar feadh an tsaoil a chur chun cinn i measc pleanálaithe agus ailtirí.<br><br>Beartais um Lár Bailte ar dTús curtha i bhfeidhm. | CCUF |
| 3.3 | Ócáid taispeántais a eagrú chun samhlacha rathúla tithíochta do dhaoine scothaosta a úsáideann dea-chleachtas agus atá ann cheana féin a thaispeáint. | Ócáidí curtha ar bun chun faisnéis a thabhairt do dhaoine scothaosta i bpobail.<br><br>Cúrsaí oiliúna curtha ar fáil do bhaill foirne na Comhairle | CDS |
| 3.4 | Comhairle faoi theicneolaíochtaí 'baile cliste' a thabhairt, chomh maith le faisnéis agus comhairle shimplí, inrochtana a chur ar fáil do dhaoine scothaosta faoi roghanna tithíochta, deontais, seirbhísí agus aláraim phearsanta atá in ann cuidiú le daoine scothaosta maireachtáil go neamhspleách níos faide | Ócáidí curtha ar bun chun faisnéis a thabhairt do dhaoine scothaosta i bpobail | CFÁUF, CCUF<br><br>Comhaltaí Comhaontais |
| 3.5 | An Scéim Tithe Níos Teo a chur chun cinn, faisnéis a thabhairt agus tacaíocht leis an bpróiseas iarratais a chur ar fáil | Feachtais cur chun cinn déanta, méadú ar rannpháirtíocht sa scéim, laghdú ar bhochtaineacht fuinnimh | Comhaltaí Comhaontais, Faisnéis do Shaoránaigh |
| 3.6 | An feachtas 'Bí Réidh don Gheimhreadh' a chur chun cinn i nGrúpaí Daoine Scothaosta | Feachtais cur chun cinn déanta. Méadú ar chompord foriomlán sa bhaile do dhaoine scothaosta. | CCUF, Leabharlanna |
| 3.7 | An láithreán gréasáin Agefriendlyhomes. ie a thugann faisnéis faoi thithe do dhaoine scothaosta a chur chun cinn | Níos mó feasachta faoin láithreán gréasáin ag daoine scothaosta | CCUF, CDS, CFÁUF,<br><br>Comhaltaí Comhaontais |
| 3.8 | An rogha um choigeartú méide a chur chun cinn i measc daoine scothaosta | Níos mó feasachta faoi roghanna um choigeartú méide i measc daoine scothaosta | CCUF |
| 3.9 | Tithíocht Aoisbháúil a sholáthar i gcomhréir le Plean Gníomhaíochta um Sholáthar Tithíochta in Uíbh Fhailí Tithíocht 2022-2026. | 61 áit chónaithe aoisbháúla le soláthar faoi 2026 | CCUF |
| 3.10 | Tacú le tabhairt isteach agus cur i bhfeidhm an Chláir um Thithe Sláintiúla agus Aoisbháúla | An Clár um Thithe Sláintiúla agus Aoisbháúla curtha i bhfeidhm | CCUF |
| 3.11 | Féachfaidh an Chomhairle le haonaid tithíochta atá deartha do dhaoine scothaosta a chur san áireamh sa Chlár Iarfheistithe Tithíochta | Roinnt aonad tithíochta do dhaoine scothaosta iarfheistithe | CCUF |

**Torthaí**

- Tugtar tacaíocht do dhaoine scothaosta dul in aois go compordach ina n-áit chónaithe féin.
- Cuirtear ar a gcumas do dhaoine scothaosta fanacht rannpháirteach ina bpobal áitiúil.
- Tugtar aghaidh ar raon níos leithne riachtanas leis an dearadh agus na roghanna tithíochta atá ar fáil.
- Tá níos lú leithlisiú sóisialta i measc daoine scothaosta agus tá níos mó féinrialaitheachta, smachta agus neamhspleáchais acu agus iad ag maireachtáil go neamhspleách sa phobal.
- Tugtar níos mó eolais agus tacaíochta do dhaoine scothaosta chun páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht faoina dtimpeallacht tithíochta féin.

**TÉAMA 4**

# Meas agus Cuimsiú Sóisialta

## SPRIOC:

**Cuimsiú sóisialta daoine scothaosta ina bpobail a chur chun cinn agus tacaíochtaí a sholáthar le go mbeidh daoine scothaosta ina gcomhaltaí lánpháirtithe den phobal a bhfuil luach agus meas orthu**

Tá an méid atá daoine scothaosta rannpháirteach sa saol sóisialta, cathartha agus eacnamaíoch dlúthnasctha leis an taithí atá acu ar chuimsiú sóisialta. Bíonn tionchar ag meas agus cuimsiú sóisialta ar shláinte agus folláine daoine scothaosta agus ar a leibhéal rannpháirtíochta sa saol sóisialta, cathartha agus eacnamaíoch. Tá sé ríthábhachtach feasacht faoi aois a chur chun cinn chun aoiseachas a laghdú agus chun cosc a chur ar steiréitíopáil agus eisiamh daoine scothaosta.

**Rinneadh comhairliúchán le cónaitheoirí scothaosta Uíbh Fhailí agus d'inis siad go bhfuil gá le:**

- Níos mó feasachta ag pobail agus gnólachtaí áitiúla faoi aois agus néaltrú.
- Gníomhaíochtaí idirghlúine a sholáthar chun ceangal idir óg agus aosta a chur chun cinn
- Tacaíochtaí do dhaoine atá eisiata go sóisialta.

**Actions**

| *Uimh.* | *Gníomh* | *Táscairí Ratha* | *Príomh-Ghníomhaireacht* |
|---|---|---|---|
| **4.1** | Tacú le Comhairle Daoine Scothaosta Uíbh Fhailí a choinneáil ar bun agus a chinntiú go ndéanann sí ionadaíocht ar an éagsúlacht daoine scothaosta, agus go dtacaíonn sí leis na daoine is mó atá imeallaithe | Tagann CDS le chéile go tráthrialta agus sainaithníonn sí na tacaíochtaí a bhfuil gá leo i bpobail | Cuideachta Forbartha Áitiúil Uíbh Fhailí |
| **4.2** | A chinntiú go mbeidh baint ag Comhairle na nDaoine Scothaosta le seirbhísí poiblí, deonacha agus tráchtála, agus go ndéantar comhairliúchán leathan le daoine scothaosta go ginearálta, maidir le forbairt beartas agus pleanáil soláthar seirbhísí. | Déanann Seirbhísí Poiblí Deonacha agus Tráchtála comhairliúchán le CDS agus daoine scothaosta maidir le forbairt beartas | Gach ceann |
| **4.3** | A. Oiliúint i bhfeasacht faoi chúrsaí aoisbhá a chur ar bhaill foirne sna seirbhísí áitiúla poiblí, deonacha agus tráchtála.<br><br>B. Tacú le seirbhísí áitiúla poiblí, deonacha agus tráchtála chun "Ambasadóirí Aoisbhá" a cheapadh chun a n-eagraíochtaí a dhéanamh aoisbháúil.<br><br>C. Tacú le gnólachtaí áitiúla chun glacadh le cleachtais aoisbháúla, mar shampla socruithe seirbhísí do chustaiméirí saincheaptha do dhaoine scothaosta. | A. Oiliúint curtha ar fáil do na baill foirne ar fad chun feasacht a ardú.<br><br>B. Ambasadóirí Aoisbhá ceaptha<br><br>C. Stádas mar Ghnó Aoisbháúil bronnta ar ghnólachtaí áitiúla | Clár Aoisbhá |



| | | | |
|---|---|---|---|
| **4.4** | Tionscnaimh idirghlúine agus ceangail idir eagraíochtaí daoine scothaosta agus daoine óga a sholáthar, lena mbainfidh malartú fiúntach scileanna, scéalaíocht agus dul i ngleic le leithlisiú sóisialta. | Tionscnaimh idirghlúine curtha ar fáil i bpobail | CDS, CFÁUF,<br><br>Leabharlanna Uíbh Fhailí |
| **4.5** | Cuimsiú daoine scothaosta as gach cúlra cultúrtha agus sóisialta a chur chun cinn. | Feachtais cur chun cinn/Imeachtaí curtha ar fáil | Gach ceann |
| **4.6** | An Clár Aoisbhá a chur chun cinn do dhaoine scothaosta, go háirithe iad sin as grúpaí imeallaithe. Ballraíocht nua agus a thuilleadh éagsúlachta i gComhairle na nDaoine Scothaosta a spreagadh | Feachtais cur chun cinn/Imeachtaí curtha ar fáil | CDS, CCUF,<br><br>Leabharlanna Uíbh Fhailí |
| **4.7** | Stádas Aoisbháúil Leabharlanna Uíbh Fhailí' agus acmhainní leabharlainne aoisbháúla a chur chun cinn (e.g. clos-lúbanna, formhéadaitheoirí, closleabhair agus bailiúcháin léitheoireachta i gcló mór). Aird a tharraingt ar an bhfáil ar 6 Bhord Draíochta (Tovertafels) ar fud an líonra leabharlann, a thugann cúnamh do dhaoine a bhfuil néaltrú acu agus a spreagann caidreamh sóisialta | Níos mó úsáide á baint as Seirbhísí Leabharlainne | Leabharlanna Uíbh Fhailí |

**Torthaí**

- Mothaíonn daoine scothaosta in Uíbh Fhailí gur chuid dá bpobal iad
- Cuirtear le daonlathas áitiúil agus le comhtháthú sóisialta
- Laghdú ar an líon daoine scothaosta ag dul trí idirdhealú agus leithlisiú sóisialta.
- aithí dhearfach ag daoine scothaosta ar sheirbhísí poiblí, deonacha agus príobháideacha. Tugtar tacaíocht dóibh agus léirítear meas orthu.

**TÉAMA 5**

# Rannpháirtíocht sa Saol Sóisialta

**SPRIOC:**

**Tacú le rannpháirtíocht daoine scothaosta sa saol sóisialta agus deiseanna a sholáthar dóibh ceangail shóisialta a choinneáil ar bun chun cosc a chur ar leithlisiú sóisialta**






Tá daoine scothaosta leochaileach do leithlisiú sóisialta agus uaigneas. Féadfaidh meath ar mheabhairshláinte agus ar fholláine coirp teacht as sin.

Is dúshlán atá roimh chontae Uíbh Fhailí é leithlisiú sóisialta mar gheall ar an limistéar mór tuaithe atá ann, rud a chiallaíonn gur tosaíocht do na páirtithe leasmhara ar fad é leithlisiú sóisialta a chosc.

**Rinneadh comhairliúchán le cónaitheoirí scothaosta Uíbh Fhailí agus d'inis siad go bhfuil gá le:**

- Breis cúrsaí Teicneolaíochta Faisnéise
- Iompar leordhóthanach, mar bíonn iompar ina bhacainn uaireanta. Bhí go leor daoine scothaosta ag tabhairt tosaíochta d'iarrataí ar iompar chuig coinní riachtanacha seachas chuig gníomhaíochtaí sóisialta
- Breis imeachtaí sóisialta le freastal orthu
- Fógraíocht/cumarsáid níos fearr chun gníomhaíochtaí/imeachtaí a chur in iúl
- Treoir faoin mbealach le grúpaí a chur ar bun
- Imeachtaí idirghlúine

## Actions

| *Uimh.* | *Gníomh* | *Táscairí Ratha* | *Príomh-Ghníomhaireacht* |
|---|---|---|---|
| **5.1** | Raon clár aclaíochta do dhaoine scothaosta a chur chun cinn i ngrúpaí um aosú gníomhach, ionaid chúraim lae, tithe altranais agus suíomhanna ábhartha eile | Cláir do dhaoine scothaosta curtha ar bun go rathúil | Comhpháirtíocht Spóirt Uíbh Fhailí |
| **5.2** | Imeachtaí/cláir idirghlúine a reáchtáil i bpobail áitiúla | Cláir/imeachtaí idirghlúine curtha ar bun go rathúil | CDS, TUS, BOOLUF, Leabharlanna |
| **5.3** | A chinntiú go mbeidh iompar inacmhainne ar fáil chun cur ar a gcumas do dhaoine scothaosta taisteal chuig gníomhaíochtaí agus imeachtaí sóisialta de réir acmhainní | Seirbhísí iompair curtha ar fáil/coinnithe ar bun | Nasc Áitiúil |
| **5.4** | Tacú go leanúnach le Grúpaí um Aosú Gníomhach | Tacaíocht curtha ar fáil, leanann na grúpaí de bheith ag fás | Gach ceann |
| **5.5** | Feabhsúcháin ar mhodhanna cumarsáide le daoine scothaosta | Cineálacha cumarsáide nua sainaitheanta agus curtha i bhfeidhm | Gach ceann |
| **5.6** | Imeachtaí sóisialta a óstáil do dhaoine scothaosta | Imeachtaí sóisialta do dhaoine scothaosta curtha ar fáil le linn na bliana | CCUF<br>CDS<br>CFÁUF<br>Leabharlanna |
| **5.7** | Tacaíochtaí a sholáthar chun grúpaí nua do dhaoine scothaosta a chur ar bun | Grúpaí nua curtha ar bun i gcás inar sainaithníodh riachtanais | CFÁUF |

**Outcomes**

- Tá daoine scothaosta ina ann rochtain a fháil ar raon leathan imeachtaí agus gníomhaíochtaí
- Tá muinín agus cumas ag daoine scothaosta líonraí sóisialta a choinneáil ar bun agus a bheith rannpháirteach ina bpobal
- Tá cultúr de mheas idirghlúine ann in Uíbh Fhailí
- Tá laghdú curtha ar leithlisiú sóisialta i measc daoine scothaosta

**TÉAMA 6**

# Cumarsáid agus Faisnéis


## SPRIOC:

**A chinntiú go mbeidh daoine scothaosta in ann rochtain a fháil ar fhaisnéis tráthúil, phraiticiúil, iontaofa agus sothuigthe faoina bhfuil ar siúl ina bpobal**

Tá córas cumarsáide bunúsach agus éifeachtach de dhíth lena chinntiú go gcuirfear cónaitheoirí de gach aois sa phobal san áireamh. Ní mór go mbeidh daoine scothaosta in Uíbh Fhailí in ann rochtain éasca a dhéanamh ar fhaisnéis ábhartha agus phraiticiúil. Ba cheart do bhileoga eolais teanga shimplí a úsáid – focail shimplí atá ar eolas ag daoine agus abairtí gearra, simplí agus soiléire.


I ndomhan ina bhfuil ceannas ag na meáin shóisialta agus cumarsáid ar líne, is tábhachtach nach bhfágtar an daonra níos sine ar leataobh.

Léirítear an céatadán daoine scothaosta a ndearnadh suirbhé orthu ag cruinniú cinn bliana CDS Uíbh Fhailí a bhfuil fón cliste acu i dTábla 1 thíos.




*Tábla 1-Sonraí ó chruinniú cinn bliana CDS a tionóladh i mí na Bealtaine 2023*

Léirítear an céatadán daoine scothaosta a ndearnadh suirbhé orthu ag cruinniú cinn bliana CDS Uíbh Fhailí atá sásta le formáid na faisnéise a fhaigheann siad i dTábla 2 thíos. format of information received.




*Tábla 2-Sonraí ó chruinniú cinn bliana CDS a tionóladh i mí na Bealtaine 2023*

**Rinneadh comhairliúchán le cónaitheoirí scothaosta Uíbh Fhailí agus d'inis siad go bhfuil gá le:**

- Seirbhísí teileafóin tiomnaithe do dhaoine scothaosta i ngnólachtaí/soláthróirí seirbhísí
- Tuilleadh éagsúlachta san oiliúint i scileanna TF
- Níos mó úsáid a bhaint as fógraí raidió/nuachtán
- Cúnamh ar an láthair le faisnéis
- Leathanbhanda níos fearr

### Actions

| Uimh. | Action | Táscairí Ratha | Príomh-Ghníomhaireacht |
|---|---|---|---|
| **6.1** | Eolaire Seirbhísí, arna fhorbairt ag ICPOP agus atá ábhartha do dhaoine scothaosta, a chur chun cinn | Ta daoine scothaosta ar an eolas faoin Eolaire Seirbhísí | FSS<br><br>Comhairle Chontae Uíbh Fhailí |
| **6.2** | Athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht na cumarsáide laistigh den Chomhaontas Aoisbhá | Athbhreithniú déanta ar mhodhanna cumarsáide | Comhaontas Aoisbhá |
| **6.3** | Cúrsaí oiliúna i Scileanna Digiteacha chun oiliúint a chur ar dhaoine scothaosta agus tacú leo chun teicneolaíocht a shocrú/a úsáid, lena n-áirítear an Clár Ambasadóirí Digiteacha i Leabharlanna Uíbh Fhailí | Cúrsaí agus ceardlanna déanta i suíomhanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla | BOOLUF,<br><br>Leabharlanna Uíbh Fhailí<br><br>BTTC<br><br>WOT |
| **6.4** | Soláthar rochtain saor in aisce ar ríomhairí agus ar an idirlíon i leabharlanna a chur chun cinn | Níos mó feasachta faoi sheirbhísí leabharlainne i measc daoine scothaosta | Leabharlanna |
| **6.5** | Ceardlanna faisnéise a sholáthar i bpobail | Ceardlanna/seisiúin faisnéis tugtha i bpobail áitiúla | Faisnéis do Shaoránaigh, CFÁUF |

**Torthaí**

- Tá rochtain ag daoine scothaosta ar fhaisnéis ábhartha, tráthúil agus praiticiúil
- Tá daoine scothaosta in ann cinntí eolasacha a dhéanamh



**TÉAMA 7**

# Rannpháirtíocht sa Saol Cathartha agus Fostaíocht

**SPRIOC:**

**Chun fostaíocht, oibriú go deonach rannpháirtíocht sa saol cathartha a mhéadú i measc daoine scothaosta**

Ós rud é go bhfuil an daonra ag dul in aois, is tábhachtach nach stopann daoine scothaosta de rannchuidiú lena bpobal chomh luath agus a mbaineann siad aois áirithe amach. Caithfidh tacaíochtaí agus spreagadh a bheith ann do dhaoine scothaosta le go bhféadfaidh siad oibriú go deonach, coinneáil orthu de bheith ag foghlaim nó dul i mbun oibre más mian leo.

Cuidíonn spreagadh meabhrach leanúnach amach sa saol le sláinte choirp agus meabhairshláinte mhaith. Má tá stádas sóisialta maith agus cuspóir ag daoine, bíonn neartú intomhaiste ar shláinte fhisiceach agus meabhairshláinte acu.

**Rinneadh comhairliúchán le cónaitheoirí scothaosta Uíbh Fhailí agus d'inis siad go bhfuil gá le:**

- Faisnéis níos fearr faoi dheiseanna oibriú go deonach
- Deiseanna do dhaoine scothaosta chun tacaíocht nó meantóireacht a thairiscint do dhaoine, faoi smaointe gnó, etc.
- Is féidir le cúrsaí iompair srian a chur le daoine scothaosta fanacht i bhfostaíocht.
- Roghanna níos fearr san áit oibre chun dul ar scor "céimnithe" a éascú.





*Table 1-Number of persons aged 65 years and over in employment (000) b3*



| *Uimh.* | *Gníomh* | *Táscairí Ratha* | *Príomh-Ghníomhaireacht* |
|---|---|---|---|
| **7.1** | Áiteanna oibre/moil oibre comhroinnte aoisbhháúla a fhorbairt, chun comaitéireacht don fhórsa saothair scothaosta a éascú lena gcur ar a gcumas fanacht san obair, nó tacú le dul ar scor céimnithe | Áiteanna oibre/moil oibre comhroinnte á n-úsáid ag an bhfórsa saothair scothaosta | OFÁ |
| **7.2** | Clár fiontraíochta aoisbháúil do sheanóirí a fhorbairt a thacaíonn le haistriú idirghlúine scileanna | Clár fiontraíochta aoisbháúil do sheanóirí gníomhach sa chontae | OFÁ |
| **7.3** | Raon éagsúil gníomhaíochtaí oideachais bunaithe ar riachtanais daoine scothaosta a spreagadh, a eagrú agus a sholáthar | Cúrsaí agus gníomhaíochtaí oideachais curtha ar bun | BOOLUF<br>TUS |
| **7.4** | Oiliúint do dhaoine scothaosta in úsáid teicneolaíochta | Oiliúint curtha ar fáil | BOOLUF, OFÁ |
| **7.5** | Deiseanna do dhaoine scothaosta chun oibriú go deonach a chur chun cinn | Méadú ar an líon oibrithe deonacha scothaosta ar fud an chontae | CCUF, CFÁUF<br>Ionad d'Oibrithe Deonacha Uíbh Fhailí |

**Torthaí**

- Tá rochtain níos fearr ag daoine scothaosta ar dheiseanna foghlama, oibrithe agus rannchuidiú sóisialta
- Baintear úsáid as críonnacht agus scileanna daoine scothaosta agus cuirtear ar aghaidh iad
- Mothaíonn daoine scothaosta go bhfuil cuspóir acu

**THEME 8**

# Tacaíochtaí Pobail agus Seirbhísí Sláinte

**SPRIOC:**

**Seirbhísí sláinte agus pobail atá inrochtana go héasca, agus cabhair le rochtain a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí laethúla, cúram baile agus áiseanna cónaithe ar ardchaighdeán a chur ar fáil do dhaoine scothaosta**

Is tábhachtach é go bhfanfaidh daoine scothaosta sláintiúil agus neamhspleách. Tá daoine ag maireachtáil níos faide agus ag éirí níos gníomhaí ina seanaois. Cuireann sé sin méadú ar an ngá le gníomhaíochtaí fisiceacha agus sóisialta do dhaoine scothaosta. Chuir sé méadú ar an éileamh ar sheirbhísí sláinte áitiúla freisin.

Tá seirbhísí sláinte agus tacaíochtaí ríthábhachtach chun sláinte agus neamhspleáchas daoine scothaosta sa phobal a chothabháil. Tá béim leagtha ag daoine scothaosta ar a thábhachtaí atá sé go mbeidh seirbhísí cúraim sláinte ardchaighdeán agus inrochtana ar fáil dóibh agus iad ag dul in aois.

**Rinneadh comhairliúchán le cónaitheoirí scothaosta Uíbh Fhailí agus d'inis siad go bhfuil gá le:**

- Seirbhísí cúraim sláinte pobalbhunaithe áitiúla níos fearr
- Roghanna iompair níos fearr chuig coinní cúraim sláinte
- Is dúshlán do go leor daoine é rochtain a fháil ar dhochtúir teaghlaigh
- Béim a leagan ar an ról tábhachtach a imríonn seirbhísí tacaíochta baile maidir le cúnamh bunúsach le jabanna simplí tí



| Uimh. | Gníomh | Táscairí Ratha | Príomh-Ghníomhaireacht |
|---|---|---|---|
| **8.1** | Tacú leis na saoráidí ospidéil agus sláinte áitiúla chun cloí le caighdeáin aoisbhháúla agus roghanna daoine scothaosta | Cuirfear an tOspidéal Réigiúnach Lár Tíre tríd an bpróiseas chun é a aithint mar ospidéal aoisbhháúil. | FSS |
| **8.2** | Ensure better co-ordinated care for older people accessing health care services in local communities. | A Primary Care Centre will be selected to undergo the WHO four stage process to become recognised as an age friendly primary care centre | FSS |
| **8.3** | Leanúint d'oideasú sóisialta mar shamhail chruthaithe um shláinte agus folláine agus síneadh a chur leis | Leantar d'oideasú sóisialta a sholáthar agus síneadh curtha leis chun an contae ar fad a chuimsiú | CFÁUF<br><br>FSS |
| **8.4** | Tacú le gníomhaíochtaí aclaíochta do dhaoine scothaosta sa phobal agus iad a chur chun cinn | Reáchtáiltear gníomhaíochtaí/ imeachtaí ar fud an chontae | Comhpháirtíocht Spóirt Uíbh Fhailí |
| **8.5** | Leabhair a sholáthar i bhformáidí éagsúla inrochtana chun tacú le riachtanais faisnéise daoine scothaosta agus chun léitheoireacht ar mhaithe le pléisiúr agus folláine a chur chun cinn | Níos mó úsáide á baint as Seirbhísí Leabharlainne | Leabharlanna Uíbh Fhailí |
| **8.6** | Rochtain ag daoine scothaosta ar bhéilí cothaitheacha agus iad a sheachadadh más gá | Líon tí de dhaoine scothaosta ina bhfuil an tseirbhís béilí ar rothaí ar fáil | FSS, CFÁUF KDA, NOCDN |
| **8.7** | Méadú ar mhinicíocht agus rochtain ar ghníomhaíochtaí folláine ar fud an chontae | Níos mó deiseanna do dhaoine scothaosta chun leas a bhaint as gníomhaíochtaí folláine ina bpobal áitiúil | FSS, CFÁUF, NOCDN |

**Torthaí**

- Tá seirbhísí sláinte agus tacaíochta pobail lonnaithe in áiteanna atá áisiúil agus a bhfuil rochtain éasca orthu, agus tá cleachtais aoisbhháúla i bhfeidhm iontu
- Tugtar tacaíocht do dhaoine scothaosta i ngníomhaíochtaí fisiceacha agus sóisialta ina bpobal.



# Monatóireacht agus Tuairisciú

Déanfaidh Comhaontas Aoisbhá Uíbh Fhailí monatóireacht ar an straitéis seo agus beidh sí ina mír bhuan ar chlár oibre gach cruinniú de chuid Chomhaontas Aoisbhá, an Ghrúpa Aoisbhá Idir-Rannach agus Chomhairle na nDaoine Scothaosta.

Tá freagracht ar gach comhalta den Chomhaontas Aoisbhá a chinntiú go gcuirfear na gníomhartha sainaitheanta a leagtar amach sa Straitéis i gcrích, agus iarrfar orthu dul chun cinn a thuairisciú chuig an gComhaontas ag na cruinnithe démhíosúla.

Déanfar athbhreithniú eatramhach ar an Straitéis i mbliain 3, agus déanfar athbhreithniú iomlán sa bhliain dheireanach den Straitéis.

# Buíochas

Is mian le Anna Marie Delaney, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí agus Cathaoirleach Chomhaontas Aoisbhá Uíbh Fhailí, in éineacht le comhaltaí an Chomhaontais, aitheantas a thabhairt don chomhoibriú agus don obair idirghníomhaireachta a rinneadh agus an Straitéis seo á hullmhú. Gabhtar buíochas faoi leith le Eileen Hughes Uasal, Bainisteoir Clár Réigiúnach Aoisbhá Éireann agus leis an bhfoireann san Aonad Aoisbhá de Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí.

Is mian linn buíochas speisialta a ghabháil leis na daoine scothaosta ar fad in Uíbh Fhailí a ghlac páirt sa phróiseas comhairliúcháin agus táimid ag súil le bheith ag obair le chéile chun an Straitéis seo a chur i gcrích.

Comhairle Chontae Uíbh Fhailí
Offaly County Council
loetb
TUS
Local Enterprise Office
TFI local link Laois Offaly
Offaly Local Development Company
OFFALY SPORTS PARTNERSHIP
SPORT IRELAND

# Tagairtí

| GNÍOMHAIREACHT | DOICIMÉAD | NASC |
|---|---|---|
| An Phríomh-Oifig Staidrimh | Mol Faisnéise do Dhaoine Scothaosta | https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/hubs/p-opi/olderpersonsinformationhub/' |
| An Phríomh-Oifig Staidrimh | Dáileadh daonra | https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-cpp1/censusofpopulation2022profile1-populationdistributionandmovements/populationdistribution/ |
| An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte | Creat na gCathracha Aoisbháúla | https://extranet.who.int/agefriendlyworld/age-friendly-cities-framework/ |
| Aoisbhá Éireann | Láithreán gréasáin Aoisbhá Éireann | https://agefriendlyireland.ie/ |
| Nasc Áitiúil Laois-Uíbh Fhailí | Ceisteanna coitianta | https://locallinklaoisoffaly.ie/faqs/ |
| FSS | Uaigneas i ndaoine scothaosta | https://www2.hse.ie/mental-health/life-situations-events/loneliness/older-people/ |
| An Garda Síochana | Cosc ar an gCoireacht | https://garda.ie/en/crime-prevention/community-engagement/community-engagement-offices/older-person-strategy-an-garda-siochana-2010.pdf |
| Gov.ie | An Straitéis Náisiúnta um Aosú Dearfach | https://www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/11714/d859109de8984a50b9f2ae2c1f325456.pdf#page=null |
| Comhairle Chontae Uíbh Fhailí | An Plean Gníomhaíochta um Sheachadadh Tithíochta | https://www.offaly.ie/app/uploads/Council/Council_Services_A-Z/Housing/Offaly-Housing-Delivery-Action-Plan-2022-2026-1.pdf |
| Comhairle Chontae Uíbh Fhailí | Plean Corparáideach 2019-2024 | Corporate Plan Publication - Offaly County CouncilOffaly County Council |
| Comhairle Chontae Uíbh Fhailí | An Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail | Local Economic and Community Plan Consultation - Offaly County CouncilOffaly County Council |
| Comhairle Chontae Uíbh Fhailí | Plean Forbartha Contae | County Development Plan 2021-2027 Archives - Offaly County CouncilOffaly County Council |
| Comhairle Chontae Uíbh Fhailí | Láithreán gréasáin Líonra Rannpháirtíochta Pobail Uíbh Fhailí | Offaly PPN Public Participation Network Offaly PPN Community Voluntary Network Offaly Ireland |



Comhairle Chontae Uíbh Fhailí
Offaly County Council

www.offaly.ie